# Ceapacháin Acadúla Oinigh, ar Cuairt agus Thaca

Is fostóir comhionannas deiseanna é OÉ Gaillimh agus tá Gradam Cré-umha Athena SWAN bainte amach aige. Déanaimid éagsúlacht ár bhfoirne agus ár mac léinn a cheiliúradh, agus tacaímid le timpeallacht atá saor ó leithcheal agus ó chiapadh.

## 1. Poist Oinigh

### 1.1. Ollamh Oinigh

1.1.1. Ollamh Oinigh an teideal a thugtar ar dhuine a bhfuil seasamh ollaimh aige/aici, nó a bhfuil ardchéim agus ceannaireacht náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta, atá so-aitheanta agus indeimhnithe, bainte amach aige/aici ina réimse saineolais nó ina g(h)airm, d’fhonn ceangal a dhéanamh idir an té sin agus an Ollscoil.

1.1.2. Ní bhíonn Ollamh Oinigh ina f(h)ostaí tuarastail de chuid na hOllscoile, agus níl aon luach saothair ag baint leis an bpost.

1.1.3. Is é an Déan Feidhmiúcháin a dhéanann ainmniúchán d'Ollúnachtaí Oinigh, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, mar fhreagra ar mholtaí ón gCeann Scoile cuí, chuig an mBord Arduithe Céime. Déanfaidh an Déan Feidhmiúcháin ról na nOllúna Oinigh a shonrú, agus ba cheart iad a bheith nasctha go hoscailte le Pleananna Straitéiseacha na Scoile agus an Choláiste. Is ó Bhuiséad na Scoile cuí a íocfar na costais riaracháin a bhainfidh leis an ról sin.

1.1.4. Is é an tUachtarán a dhéanann an ceapachán, ag feidhmiú dó/di ar mholadh ón mBord Arduithe Céime. Cuirfear an Scoil agus an Coláiste cuí ar an eolas faoin gceapachán.

1.1.5. Téarma cúig bliana a bheidh sa cheapachán de ghnáth. D’fhéadfadh an tUachtarán an ceapachán a athnuachan ar mholadh an Déin Feidhmiúcháin mar fhreagra ar mholadh ón gCeann Scoile cuí. Cuirfear in iúl don Choláiste cuí go bhfuil ceapachán á athnuachan.

### 1.2. Léachtóir Sinsearach/Léachtóir Taighde Oinigh

1.2.1. Léachtóir Sinsearach/Léachtóir Taighde Oinigh an teideal a thugtar ar thaighdeoirí a bhfuil a bpost á maoiniú ag deontais taighde sheachtracha phiarmheasúnaithe.

1.2.2. Ní bheidh aon luach saothair ón Ollscoil i gceist leis an teideal Léachtóir Sinsearach/Léachtóir Taighde Oinigh a bhronnadh.

1.2.3. Is é an Ceann Scoile cuí, nó Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde cuí, agus an Leas-Uachtarán Taighde a dhéanann ainmniúcháin do Léachtóirí Sinsearacha

/Léachtóirí Taighde Oinigh, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, chuig an mBord Arduithe Céime. Ba cheart ról na Léachtóirí Sinsearacha/Léachtóirí Taighde Oinigh a bheith nasctha go hoscailte le Pleananna Straitéiseacha na Scoile agus an Choláiste.

1.2.4. Is é an Déan Feidhmiúcháin a dhéanfaidh an ceapachán, agus é/í ag feidhmiú de bhun moladh dearfach ó Fheidhmeannacht an Choláiste.

1.2.5. Déanfaidh iad siúd a cheapfar mar Léachtóirí Sinsearacha/Léachtóirí Taighde Oinigh mic léinn a stiúradh agus cúraimí teagaisc a chomhlíonadh, mar is cuí, má iarrann an t-údarás Ollscoile cuí orthu é.

1.2.6. Beidh an ceapachán comhtheorannach leis an bpost taighde atá á mhaoiniú go seachtrach.

*******

## 2. Poist ar Cuairt

### 2.1. Ollamh ar Cuairt

2.1.1 Ollamh ar Cuairt an teideal a thugtar ar Ollúna ó ollscoileanna eile atá ar cuairt san Ollscoil ar feadh tréimhse theoranta, bídís ar shaoire shabóideach nó ag comhlíonadh ról éigin teagaisc agus/nó taighde. Chun go dtabharfar an teideal 'Ollamh ar Cuairt' ar dhuine, beidh ar an té sin stádas Ollaimh/Ollaimh Phearsanta, nó a chomhionann, a bheith aige/aici san institiúid lena mbaineann sé/sí.

2.1.2 Is é an Déan Feidhmiúcháin a dhéanann ainmniúchán d'Ollúnachtaí ar Cuairt, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, mar fhreagra ar mholtaí ón gCeann Scoile cuí, chuig an gCoiste Arduithe Céime. Déanfaidh an Déan Feidhmiúcháin ról na nOllúna Oinigh a shonrú, agus ba cheart iad a bheith nasctha go hoscailte le Pleananna Straitéiseacha na Scoile agus an Choláiste. Is ó Bhuiséad na Scoile cuí a íocfar na costais riaracháin a bhainfidh leis an ról sin.

2.1.3 Is é an tUachtarán a dhéanann an ceapachán, ag feidhmiú dó/di ar mholadh ón gCoiste Arduithe Céime. Cuirfear an Scoil agus an Coláiste cuí ar an eolas faoin gceapachán.

2.1.4 Ní hiondúil go mairfidh téarma an cheapacháin níos faide ná bliain. D'fhéadfadh an tUachtarán an ceapachán a athnuachan ar mholadh an Déin Feidhmiúcháin mar fhreagra ar mholadh ón gCeann Scoile cuí. Cuirfear in iúl don Choláiste cuí go bhfuil ceapachán á athnuachan.

### 2.2 Léachtóir ar Cuairt/Léachtóir Sinsearach

2.2.1 Léachtóir ar Cuairt an teideal a thugtar ar chomhaltaí foirne acadúla ó ollscoileanna eile atá faoi bhun leibhéal Ollaimh Phearsanta, atá ar cuairt san Ollscoil ar feadh

tréimhse theoranta, bídís ar shaoire shabóideach nó ag comhlíonadh ról éigin teagaisc agus/nó taighde.

2.2.2 Is é an Ceann Scoile cuí a dhéanann ainmniúchán do Léachtóirí ar Cuairt, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, chuig an Déan Feidhmiúcháin. Déanfaidh an Ceann Scoile ról na Léachtóirí ar Cuairt a shonrú, agus ba cheart iad a bheith nasctha go hoscailte le Pleananna Straitéiseacha na Scoile agus an Choláiste. Is ó Bhuiséad na Scoile cuí a íocfar na costais riaracháin a bhainfidh leis an ról sin.

2.2.3 Is é an Déan Feidhmiúcháin, ag feidhmiú dó/di de bhun moladh dearfach ó Fheidhmeannacht an Choláiste, a dhéanann an ceapachán.

2.2.4 Ní hiondúil go mairfidh téarma an cheapacháin níos faide ná bliain. Is féidir leis an Déan Feidhmiúcháin, ar mholadh ón gCeann Scoile cuí, an ceapachán a athnuachan. Cuirfear in iúl don Choláiste cuí go bhfuil ceapachán á athnuachan.

*******

## 3 Poist Thaca

### 3.1 Ollamh Taca

3.1.1 Is ceapacháin sainchuspóra iad Ollúna Taca. D’fhéadfadh sé gur post íoctha nó neamhíoctha atá ann, i gcomhréir le polasaí poiblí. Más post íoctha atá ann, ní ceadmhach dó a bheith níos mó ná coibhéis 0.2 FTE.

3.1.2 Ollamh Taca an teideal a thugtar ar dhuine a bhfuil seasamh ollaimh aige/aici, nó a bhfuil ardchéim agus ceannaireacht náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta, atá so-aitheanta agus indeimhnithe, bainte amach aige/aici ina réimse saineolais nó ina g(h)airm.

3.1.3 Is é an Déan Feidhmiúcháin a dhéanann ainmniúchán d'Ollúnachtaí Taca, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, chuig an mBord Arduithe Céime, mar fhreagra ar mholtaí ón gCeann Scoile ábhartha. Déanfaidh an Déan Feidhmiúcháin ról na nOllúna Oinigh a shonrú, agus ba cheart iad a bheith nasctha go hoscailte le Pleananna Straitéiseacha na Scoile agus an Choláiste.

3.1.4 Is ar bhonn sainchuspóra teagaisc agus/nó taighde (a d’fhéadfadh comhstiúradh mac léinn taighde a bheith san áireamh leis) a fhostaítear Ollúna Taca. Ní bhíonn ról teagaisc/taighde/riaracháin acu ar bhonn pro rata leis an bhfoireann lánaimseartha. Déanfaidh an Ceann Scoile, nó Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde, más cuí, cúraimí na nOllúna Taca a shainiú tráth a gceaptha. Déanfar íocaíochtaí leis na hOllúna Taca ó Bhuiséad na Scoile nó na hInstitiúide Taighde cuí.

3.1.5 Is é an tUachtarán a dhéanann an ceapachán, ag feidhmiú dó/di ar mholadh ón gCoiste Arduithe Céime. Cuirfear an Scoil agus an Coláiste cuí ar an eolas faoin gceapachán.

3.1.6 Mairfidh téarma an cheapacháin ar feadh tréimhse shainithe, agus ní hiondúil go mbeidh sé níos faide ná trí bliana. D'fhéadfadh an tUachtarán ceapachán mar Ollamh Taca a athnuachan ar mholadh an Déin Feidhmiúcháin mar fhreagra ar mholadh ón gCeann Scoile cuí. Cuirfear in iúl don Choláiste cuí go bhfuil ceapachán á athnuachan.

### 3.2 Léachtóir Taca

3.2.1 Is ceapacháin sainchuspóra iad ceapacháin Léachtóirí Taca. D'fhéadfadh sé gur post íoctha nó neamhíoctha atá ann, i gcomhréir le polasaí poiblí. Más post íoctha atá ann, ní ceadmhach dó a bheith níos mó ná coibhéis 0.2 FTE.

3.2.2 Bainfear úsáid as an teideal Taca i ndáil le sealbhóirí poist a bhfuil cáilíochtaí iarchéime, cáilíochtaí gairmiúla, agus/nó an taithí ghairmiúil chuí acu chun go mbeidís incháilithe don ról acadúil a shannfaidh an Ceann Scoile dóibh.

3.2.3 Is é an Ceann Scoile cuí, nó Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde cuí, a dhéanann ainmniúchán do Léachtóir Taca, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, chuig Déan Feidhmiúcháin an Choláiste.

3.2.4 Is é an Déan Feidhmiúcháin, ag feidhmiú dó/di de bhun moladh dearfach ó Fheidhmeannacht an Choláiste, a dhéanann an ceapachán.

3.2.5 Is ar bhonn sainchuspóra teagaisc agus/nó taighde (a d'fhéadfadh comhstiúradh mac léinn taighde a bheith san áireamh leis) a fhostaítear Léachtóirí Taca. Ní bhíonn ról teagaisc/taighde/riaracháin acu ar bhonn pro rata leis an bhfoireann lánaimseartha. Déanfaidh an Ceann Scoile, nó Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde, mar is cuí, cúraimí na Léachtóirí Taca a shainiú tráth a gceaptha. Déanfar íocaíochtaí leis na Léachtóirí Taca ó Bhuiséad na Scoile nó na hInstitiúide Taighde cuí.

3.2.6 Is é an Ceann Scoile cuí, nó Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde cuí, a dhéanann moladh maidir le daoine a athcheapadh ina Léachtóirí Taca, chuig Déan Feidhmiúcháin an Choláiste. Is é an Déan Feidhmiúcháin a dhéanann an t-athcheapachán, ar feadh tréimhse shainithe, agus cuirfear an méid sin in iúl don Choláiste cuí.

*******

## 4 Poist Leighis

### 4.1 Comhalta Cliniciúil Oinigh

4.1.1 Comhalta Cliniciúil Oinigh an teideal a thugtar ar an té nach bhfuil ceapachán mar lia comhairleach, ceapachán acadúil, ná aon cheapachán oinigh eile ná a chomhionann aige/aici, a chuireann le misean acadúil Scoil na nEolaíochtaí Sláinte, Scoil an Leighis nó Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais ó thaobh teagaisc agus/nó taighde de.

4.1.2 Má iarrann an t-údarás Ollscoile cuí orthu déanamh amhlaidh, beidh dualgais mhaoirseachta mac léinn agus teagaisc orthu siúd a cheapfar mar Chomhaltaí Cliniciúla Oinigh. D'fhéadfadh sé gur post íoctha nó neamhíoctha atá ann, i gcomhréir le polasaí poiblí. Más post íoctha atá ann, ní ceadmhach dó a bheith níos mó ná coibhéis 0.2 FTE.

4.1.3 Is é an Ceann Scoile cuí a dhéanann ainmniúchán do Chomhaltachtaí Cliniciúla Oinigh, lena n-áirítear curriculum vitae an té atá ainmnithe, chuig Bord na Scoile. Is é an Déan Feidhmiúcháin, ag feidhmiú dó/di ar mholadh dearfach ón mBord Scoile cuí, a dhéanann an ceapachán.

4.1.4 Mairfidh téarma an cheapacháin ar feadh tréimhse shainithe. D'fhéadfaí an ceapachán a athnuachan.

## 4.2 Ceapacháin Acadúla agus Deiseanna Arduithe Céime do Lianna Comhairleacha

4.2.1 Tá Clár Foráis do Chliniceoirí Acadúla á fheidhmiú ag an Ollscoil. Is féidir Lianna Comhairleacha in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh/Ospidéal Pháirc Mheirlinne, agus ina n-ospidéil chleamhnaithe, a cheapadh ina Léachtóirí Sinsearacha Oinigh faoi théarmaí an chláir sin. Áirítear leis conair arduithe céime chuig post mar Ollamh Cliniciúil Oinigh.

4.2.2 Is é Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte a riarann ceapacháin mar Léachtóir Sinsearach Oinigh faoin scéim seo.

4.2.3 Is é Coiste Arduithe Céime na hOllscoile a dhéanann breithniú ar cheapacháin ag leibhéal an Ollaimh Thaca Oinigh, i ndiaidh do Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte moladh a dhéanamh.

4.2.4 Tá sonraí iomlána na scéime seo le fáil ar shuíomh gréasáin Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte.

*******

## 5. Úsáid Chruinn Teideal

5.1 Ní mór dóibh siúd a mbronnfar a leithéid de theidil orthu faoin scéim seo an teideal a úsáid go cruinn. Ní ceadmhach dóibh na focail "Oinigh", "ar Cuairt" nó "Taca" a fhágáil ar lár óna dteideal, mar shampla ar stáiseanóireacht ná ar pháipéir thaighde. D'fhéadfaí, mar sin féin, na teidil a ghiorrú, agus "Hon.", "Vis." agus "Adj." a úsáid, faoi seach.

5.2 D'fhéadfaí bronnadh an teidil a chealú, de rogha an Choiste Arduithe Céime, sa chás go sáraítear an riail seo.

## 6. Iomadú Teideal

Is é polasaí na hOllscoile nár cheart go mbeadh iomadú teideal sa réimse seo agus, dá réir sin, nár cheart go gceadófaí moltaí teidil a úsáid seachas na cinn thuas.

## 7. Próiseas Ainmniúcháin

7.1 D'fhéadfaí ainmniúcháin a dhéanamh do gach post, ach amháin iad siúd a bhfuil cur síos orthu i míreanna 4.1 agus 4.2 thuas, don Choiste Arduithe Céime ag am ar bith. Ní mór ainmniúcháin a dhéanamh ar an bhfoirm chuí, agus an doiciméadúchán atá de dhíth a bheith ag gabháil leis. Tá an fhoirm ar fáil ag: http://www.nuigalway.ie/registrar/academic-roles/

7.2 Maidir le gach ainmniúchán a bhfuil luach saothair á mholadh ina leith, ní mór don mholtóir, i gcomhairle le hAcmhainní Daonna, a chinntiú go mbeidh an luach saothair comhlíontach leis an bpolasaí poiblí reatha i ndáil le fostaithe san earnáil phoiblí.

7.3 Cuirfidh gach Coláiste tuarascáil faoi bhráid an Choiste Arduithe Céime faoin 31 Eanáir gach bliain

- ina mbeidh sonraí faoi líon na gceapachán a rinneadh i rith na bliana féilire roimhe sin, agus miondealú déanta orthu de réir chatagóir an cheapacháin, Scoile, disciplín agus inscne; agus
- líon iomlán a leithéid de shealbhóirí poist amhail an 31 Nollaig na bliana roimhe sin, agus miondealú déanta orthu de réir chatagóir an cheapacháin, Scoile, disciplín agus inscne.

## 8. Cód Iompair, Polasaithe agus Nósanna Imeachta OÉ Gaillimh

Tá duine ar bith a cheaptar faoin scéim seo faoi cheangal ag Cód Iompair, polasaithe agus nósanna imeachta OÉ Gaillimh. Sa chás go dtagann sé chun solais go bhfuil aon cheann dá leithéid de chóid, polasaithe ná nósanna imeachta á sárú ag sealbhóir poist, d'fhéadfaí a gceapachán a fhoirceannadh.

## 9. Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an doiciméad seo tráth nach déanaí ná cúig bliana ón uair a mbeidh feidhm leis. Tabharfar aird san athbhreithniú sin ar mholtaí Coláistí, na Comhairle Acadúla agus an Choiste Arduithe Céime maidir lena dtaithí ar an gcóras ceapachán atá leagtha amach thuas.

An tOll. Pól Ó Dochartaigh,
Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí,
16 Meitheamh 2020.